# An Scéim Díolúine ó Dholaí do Dhaoine faoi Mhíchumas

---


## Treoirlínte do Thiománaithe faoi Mhíchumas i nDola-Phláis bhacainne

*(Ní bhaineann seo le dola gan bhacainn an M50)*

Nuair a ghluaiseann tú a fhad le Dola-Phlás bacainne, cuirfidh Comharthaí Soilsithe atá suite os cionn gach lána dola, ar aghaidh an fhorscátha, an t-eolas ar fáil duit chun an lána ceart a roghnú do d'fheithicil.

### *Ná húsáid na Lánaí Luais*

**Taispeántar ar an léaráid thíos na Comharthaí Soilsithe ag gach Dola-Phlás.**






Má **tá** an Lána le Foireann soilsithe, úsáid an lána seo mar gheall go mbeidh Oibreoir Dola sa lána chun cabhrú leat



Mura bhfuil an Lána le Foireann soilsithe, úsáid ceann de na lánaí Uathoibríocha atá ar fáil

Tá roinnt Dola-Phlás in Éirinn ábalta na feithiclí siúd a aithint atá cláraithe leis an Scéim Díolúine ó Dholaí do Dhaoine faoi Mhíchumas (an DTES), a dhéanann bacainn an dola a ardú go huathoibríoch.

Mura n-ardaítear an bhacainn go huathoibríoch, tiomáin ar aghaidh sa lána go dtí go bhfuil tú taobh leis an Meaisín Dola Uathoibríoch agus brúigh **'an Cnaipe Cúnaimh'**. Beidh an cnaipe seo le feiceáil go soiléir ar an meaisín. Nuair a bhrúnn tú an cnaipe seo, cuirtear glaoch ar an Seomra Rialaithe agus cabhróidh foireann an tSeomra Rialaithe leat taisteal tríd an bplás.

*(Tabhair faoi deara, le do thoil, má bhrúitear an cnaipe seo dhá uair nó níos mó sula bhfreagrófar do ghlaoch, b'fhéidir go ndéanfar an gléas idirchumarsáide a dhícheangal)*

Mura féidir leat do lámh a shíneadh fada go leor chun an Cnaipe Cúnaimh a bhrú ar chúis ar bith, fan sa lána. Déantar monatóireacht sheasta i Seomra Rialaithe an Dola-Phláis ar na lánaí agus cuirfidh siad cúnamh ar fáil.

***www.dtes.ie*** Guthán: **1800 11 55 00** Ríomhphost: ***customercare@dtes.ie***

Uaireanta Oibre an Ionaid Ghlaonna: *Ó Luan go Déardaoin:* 8am- 6pm | *Dé hAoine:* 8am-5pm | *Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh:* Dúnta

Seoladh: An DTES, Teach EA, Bóthar Tionsclaíochta Bhaile Dama, Mullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15